# Faoileáin

## BILEOG FAISNÉISE

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council






## AN STÁDAS DLÍTHIÚIL ATÁ AG FAOILEÁIN

Tá sé neamhdhleathach díobháil a dhéanamh d'fhaoileán nó é a mharú d'aon ghnó nó nead ghníomhach a thógáil, a dhamáistiú nó a scriosadh. Tá na faoileáin uile agus a neadacha gníomhacha faoi chosaint ag an dlí le Reachtaíocht Náisiúnta agus Eorpach agus le Treoracha Náisiúnta agus Eorpacha um Fhiadhúlra.

Is é an Faoileán Scadán an faoileán is coitianta i limistéir uirbeacha, agus tá sé ar an liosta ómra in Éirinn mar gheall ar laghdú ar fhigiúirí pórúcháin. Is féidir faoileáin a mhealladh chuig limistéir uirbeacha mar thoradh ar an bhfáil ar bhia a chaitear amach. Is scroblachóirí nádúrtha iad faoileáin, agus fanfaidh siad i ngar do limistéir inar féidir leo bia a aimsiú, agus iad ina gcúis le núis uaireanta.



**An Ról atá ag Comhairle Contae Fhine Gall:**


Níl aon fhreagracht ná aon oibleagáid reachtúil ar an gComhairle i leith faoileáin a rialú agus ní fhéadfaidh sí aon chúnamh praiticiúil a thairiscint maidir le faoileáin a dhíspreagadh.

## FAOILEÁIN A BHEITH AG NEADÚ AR DHÍONTA

Is féidir le faoileáin fadhbanna a chruthú agus iad ag neadú ar dhíonta, lena n-áirítear torann, salachar, agus damáiste d'fhoirgnimh.

Is gnách go bhfilleann faoileáin ar an aon chríoch amháin gach séasúr pórúcháin, agus fanfaidh péire ceangailte le chéile ar feadh an tsaoil.

Más mian leat faoileáin a chur ó neadú ar do dhíon, tá bearta díspreagtha ar fáil ó shainchonraitheoirí, amhail spící, sreang, agus córais líontáin.



Ba cheart do dhaoine comhairle a fháil ó shainchuideachta sula dtugann siad faoi aon bhearta díspreagtha ar a maoin.

**Moltar go mór conraitheoir inniúil seanchleachta a fháil chun aon oibreacha a dhéanamh, ar conraitheoir é ag a bhfuil an trealamh, an oiliúint agus an t-árachas is cuí don obair seo.**

# Is féidir leat cabhrú le faoileáin a chur ó bheith ina núis



## CÓNAITHEOIRÍ:

- Smaoinigh faoi do chomharsana – ná meall faoileáin chuig do ghairdín trí iad a bheathú. Bíonn réim bia nádúrtha an fhaoileáin bunaithe ar shliogiasc agus créatúir bheaga mhara eile, ar uibheacha éin, ar fheithidí agus ar chuiteoga.
- Nuair a bheathaítear go tráthrialta iad, is féidir go mbeidh sé de nós ag faoileáin ansin daoine a bhíonn ag ithe lasmuigh a chiapadh agus bia a ghoid uathu.
- Ná caith dramhbhia ná fuílleach bia uait i limistéir phoiblí – is cion é sin faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997. Bain úsáid as d’Araid Dhonn.
- Má bhíonn tú ag baint úsáid as an trá, as páirceanna, as clóis súgartha nó as taitneamhachtaí eile, déan cinnte de go gcuireann tú do dhramhaíl de láimh in araid nó go dtugann tú abhaile í má bhíonn na haraidí lán.

## GNÓLACHTAÍ/SCOILEANNA:

- **Gnólachtaí:** Agus araidí á bhfágáil amach agat, déan cinnte de nach bhfuil siad ró-ualaithe, go bhfuil siad dúnta i gceart agus nach bhfuil aon dramhbhia fágtha timpeall orthu.
- Ba cheart an dramhbhia ar fad a chur de láimh i d’araid dhonn.
- Ná fág aon mhálaí plaisteacha amach in éineacht le dramhaíl araide. Stróicfidh faoileáin málaí óna chéile agus iad ag cuardach bia.
- Má tá gnólacht miondíola bia agat, déan cinnte de go bhfuil araidí bruscair leordhóthanacha ar fáil agus go bhfolmhaítear go tráthrialta iad.
- Déan cinnte de go nglantar láithreacha suí lasmuigh go tráthrialta

- **Scoileanna:** Má bhíonn fadhb agat le faoileáin ag amanna sosa, smaoinigh faoi iarraidh ar na mic léinn a gcuid bia a ithe laistigh sula dtéann siad amach chuig an gclós chun súgradh.



